**GA**

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 17.12.2010
COIM(2010) 759 leagan deireanach

2010/0364 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Cumhachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007[1] ón gComhairle a chomhfhogasú don idirdhealú a tugadh isteach le hAirteagal 290 agus le hAirteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) idir cumhachtaí tarmligthe an Choimisiúin agus cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin.

- **Comhthéacs ginearálta**

Déantar idirdhealú idir dhá chineál gnímh de chuid an Choimisiúin in Airteagal 290 agus in Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE):

– Le hAirteagal 290 CFAE, tugtar cead don reachtóir *"cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a fhorlíonann nó a leasaíonn gnéithe neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach a ghlacadh"*. Sa téarmaíocht atá in úsáid sa Chonradh tagraítear do ghníomhartha dlí arna nglacadh ag an gCoimisiún sa dóigh sin mar "gníomhartha tarmligthe" (Airteagal 290(3)).

– Le hAirteagal 291 CFAE, tugtar cead do Bhallstáit "*gach beart dlí náisiúnta is gá a ghlacadh chun gníomhartha de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun feidhme"*. Déanfar cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún leis na gníomhartha sin nuair is gá coinníollacha comhionanna chun na gníomhartha a chur chun feidhme. Sa téarmaíocht atá in úsáid sa Chonradh tagraítear do ghníomhartha dlí arna nglacadh ag an gCoimisiún sa dóigh sin mar "gníomhartha cur chun feidhme" (Airteagal 291 (4))

- **Na forálacha atá ann cheana i réimse an togra**

Dearbhú maidir le hAirteagal 290 agus le hAirteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile agus le cuspóirí eile an Aontais**

Neamhbhainteach.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ TIONCHAIR

- **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**
- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Ní raibh aon ghá le comhairliúchán le páirtithe leasmhara ná le saineolas seachtrach toisc gur ábhar idirinstitiúideach é an togra chun Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a chomhfhogasú do Chonradh Liospóin agus bainfidh sin le gach Rialachán ón gComhairle. Maidir leis na leasuithe a bhfuil mar aidhm acu

[1] IO L 30, 31.1.2009, lch. 16.

reachtaíocht a shimpliú, tá raon feidhme teoranta acu agus is leasuithe de chineál teicniúil amháin iad.

- **Measúnú tionchair**

Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh toisc gur ábhar idirinstitiúideach é an togra chun Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a chomhfhogasú do Chonradh Liospóin agus bainfidh sin le gach Rialachán ón gComhairle. Maidir leis na leasuithe a bhfuil simpliú mar aidhm acu, tá raon feidhme teoranta acu agus is leasuithe de chineál teicniúil amháin iad.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- **Achoimre ar an ngíomhaíocht atá beartaithe**

Cumhachtaí tarmligthe agus cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a shainaithint agus an nós imeachta comhfhreagrach a bhunú chun na gníomhartha sin a ghlacadh.

Ina theannta sin, déantar nithe maidir le creidiúnú a shoiléiriú.

- **Bunús dlí**

Airteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Déantar inniúlachtaí maidir le beartas talmhaíochta a roinnt idir an AE agus na Ballstáit. Ciallaíonn sin fad nach ritheann an AE reachtaíocht in earnáil na talmhaíochta coimeádann na Ballstáit a n-inniúlachtaí féin. Maidir le táirgeadh orgánach, tá cur chuige Comhphobail ann cheana agus tá údar leis chun na rialacha reatha a shimpliú.

- **Prionsabal na comhréireachta**

Comhlíontar leis an togra prionsabal na comhréireachta.

- **Rogha ionstraimí**

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann aon chaiteachas breise don Chomhphobal leis an mbeart seo.

2010/0364 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha**

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 42 agus d'Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach[2],

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a tharchur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 834/2007[4] ón gComhairle tugtar cumhachtaí don Choimisiún cuid d'fhorálacha an Rialacháin sin a chur chun feidhme.

(2) Mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, ní mór na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 a chomhfhogasú d'Airteagal 290 agus d'Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an Conradh).

(3) Ba cheart go mbeadh cumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh d'fhonn eilimintí neamhriachtanacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 a fhorlíonadh nó a leasú. Ba cheart na heilimintí sin a bhféadfar an chumhacht sin a fheidhmiú ina leith, chomh maith leis na coinníollacha a mbeidh an tarmligean faoina réir, a shainiú.

(4) D'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 a ráthú i ngach Ballstát, ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh. Ba cheart go dtabharfar an chumhacht don Choimisiún go háirithe chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le huimhreacha cóid a shannadh faoin gcóras rialaithe, maidir le tásc tionscnaimh do na táirgí agus maidir le rialacha comhionanna i ndáil le faisnéis a mhalartú atá le tíolacadh ag Ballstáit, ag tríú tíortha, ag údaráis rialaithe agus

[2] IO C […], […], lch. […].
[3] IO C […], […], lch. […].
[4] IO L 189, 20.7.2007, lch.1.

ag comhlachtaí rialaithe nó atá le cur ar fáil ag an gCoimisiún, nó tríd an fhaisnéis sin a fhoilsiú, mar aon le tríú tíortha agus údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithint chun críocha comhionannais agus comhlíonta. Mura bhforáiltear a mhalairt go sonrach, ba cheart don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir le forálacha [Rialachán (AE) Uimh. XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le...].

(5) Ar mhaithe le soiléire, ba cheart foclaíocht na dtagairtí do Chaighdeán Eorpach EN 45011 nó ISO Treoir 65 a chomhchuibhiú le gníomhartha ábhartha eile de chuid an Aontais.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"Airteagal 8

**Ceanglais ghinearálta**

Comhlíonfaidh oibreoirí na rialacha táirgeachta a leagtar amach sa Teideal seo agus na rialacha táirgeachta sonracha agus na bearta agus na coinníollacha atá riachtanach maidir lena gcur chun feidhme, a ghlac an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe agus trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun ***Airteagal 38a agus 38b."***

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9(4):

"4. Déanfaidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(1)***, cinneadh ar bhearta lena gcuirtear chun feidhme an toirmeasc ar Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe agus ar tháirgí a dhéantar as Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe nó trí Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe a úsáid.

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 11:

"Mar sin féin, i gcomhréir le coinníollacha sonracha a leagfaidh an Coimisiún amach trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(1)***, féadfar gabháltas a roinnt ina n-aonaid a bheidh deighilte go soiléir nó i láithreáin dobharshaothraithe nach mbeidh go léir á mbainistiú faoi tháirgeacht orgánach. Maidir le hainmhithe, is speicis éagsúla a bheidh i gceist. D'fheádfadh go mbeadh an speiceas céanna i gceist i ndáil le dobharchultúr, ar choinníoll go mbeidh deighilt leordhóthanach idir na láithreáin táirgeachta. Is cineálacha éagsúla a bhféadfar a idirdhealú go héasca a bheidh i gceist i dtaca le plandaí."

(4) In Airteagal 12, scriostar mír 3.

(5) In Airteagal 13, scriostar mír 3.

(6) In Airteagal 14, scriostar mír 2.

(7) In Airteagal 15, scriostar mír 2.

(8) Leasaítear Airteagal 16 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh i mír 1:

"1. Trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(1)(a)(ii)***, údaróidh an Coimisiún, lena n-úsáid sa táirgeacht orgánach, agus áiritheoidh sé i liosta srianta, na táirgí agus na substaintí a fhéadfar a úsáid san fheirmeoireacht orgánach chun na críocha seo a leanas:"

(b) I mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(2)(a)***, teorainneacha a shocrú maidir leis na táirgí talmhaíochta a bhféadfar na táirgí agus na substaintí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm orthu, agus más gá, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh na táirgí agus na substaintí sin a tharraingt siar."

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3, pointe (c):

"(c) Féadfar leanúint de tháirgí agus de shubstaintí a úsáideadh sular glacadh an Rialachán seo a úsáid tar éis an Rialachán a bheith glactha chun críocha lena gcomhfhreagraítear do na cinn a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo. Féadfaidh an Coimisiún ar aon chuma táirgí nó substaintí mar sin a tharraingt siar trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(1)(a)(ii)*** i gcomhréir leis na coinníollacha atá le glacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(2)(a)***."

(9) In Airteagal 17, scriostar mír 2.

(10) In Airteagal 18, scriostar mír 5.

(11) In Airteagal 19(3), scriostar an dara fomhír.

(12) In Airteagal 20, scriostar mír 3.

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21(2):

"2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(1)(a)(ii),*** cinneadh maidir leis na táirgí agus na substaintí a údarú agus maidir le hiad a áireamh sa liosta srianta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus más gá, cinnfidh sé táirgí a bhaint den liosta sin, agus déanfaidh sé, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(2)(a)***, teorainneacha a shocrú chun cur i bhfeidhm maidir lena n-úsáid.

I gcás ina measann Ballstát gur cheart táirge nó substaint a chur leis an liosta dá dtagraítear i mír 1 nó gur cheart táirge nó substaint a bhaint den liosta sin, nó gur cheart na sonraíochtaí úsáide dá dtagraítear sa mhír seo a leasú, áiritheoidh an Ballstát go ndéanfar comhad ina leagfar amach na cúiseanna

a bheidh le táirge nó substaint a áireamh nó a bhaint, nó na cúiseanna a bheidh leis na leasuithe, a chur chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit go hoifigiúil.

Foilseofar mar sin iarrataí ar leasú nó ar bhaint, mar aon leis na cinntí maidir leo. Féadfar leanúint d'úsáid a bhaint as táirgí agus as substaintí a úsáideadh sular glacadh an Rialachán seo agus a thagann faoi Airteagal 19(2)(b) agus (c) tar éis an Rialachán a ghlacadh. Féadfaidh an Coimisiún ar aon chuma táirgí mar sin a tharraingt siar trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(1)(a)(ii)*** i gcomhréir leis na coinníollacha atá le glacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(2)(a)***."

(14) Leasaítear Airteagal 22 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(2)(c)*** agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo agus faoi réir na gcuspóirí agus na bprionsabal a leagtar amach i dTeideal II, foráil a dhéanamh d'eisceachtaí ó na rialacha táirgeachta a leagtar síos i gCaibidil 1 go Caibidil 4."

(b) Scriostar mír 3.

(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23(6):

"6. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(2)(e)***, an liosta téarmaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a oiriúnú."

(16) Leasaítear Airteagal 24 mar seo a leanas:

(a) Leasaítear mír 1 mar seo a leanas:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) agus phointe (c) sa chéad fhomhír:

"(b) lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach, ar lógó é dá dtagraítear in Airteagal 25(1) i ndáil le bia réamhphacáistithe, beidh sé le feiceáil ar an bpacáistiú chomh maith;

(c) i gcás ina mbaintear úsáid as lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach, ar lógó é dá dtagraítear in Airteagal 25(1), déanfar tásc maidir leis an áit inar saothraíodh na hamhábhair thalmhaíochta as a bhfuil an táirge déanta, a léiriú chomh maith sa réimse céanna amhairc ina mbeidh an lógó agus beidh sé i gceann de na foirmeacha seo a leanas, mar is iomchuí:

– 'Talmhaíocht AE', i gcás inar saothraíodh an t-amhábhar talmhaíochta san Aontas,

– 'Talmhaíocht nach Talmhaíocht AE í', i gcás inar saothraíodh an t-amhábhar talmhaíochta i dtríú tíortha,

– 'Talmhaíocht AE/Talmhaíocht nach Talmhaíocht AE í' i gcás inar saothraíodh cuid de na hamhábhair thalmhaíochta san Aontas agus inar saothraíodh cuid díobh i dtríú tír."

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fomhír:

"Maidir le húsáid lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach, ar lógó é dá dtagraítear in Airteagal 25(1), agus le húsáid an táisc dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, beidh na húsáidí sin roghnach maidir le táirgí a allmhairítear ó thríú tíortha. I gcás ina mbeidh lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach, ar lógó é dá dtagraítear in Airteagal 25(1), le feiceáil ar an lipéadú, áfach, beidh an tásc dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo le feiceáil ar an lipéadú chomh maith."

(b) Scriostar mír 3.

(17) Leasaítear Airteagal 25 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Féadfar lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a úsáid chun táirgí a bhfuil na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo á gcomhlíonadh acu a lipéadú, a chur i láthair agus a fhógairt.

Ní úsáidfear lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach i gcás táirgí agus bia atá á gcomhshó dá dtagraítear in Airteagal 23(4)(b) agus (c)."

(b) Scriostar mír 3.

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh in Airteagal 26:

"Bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(1))b),*** ceanglais shonracha maidir le lipéadú agus le comhdhéanamh a bheidh infheidhme maidir leis na nithe seo a leanas:"

(19) Leasaítear Airteagal 27 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Chomh maith leis na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 882/2004, áireofar ar an gcóras rialaithe a bhunaítear faoin Rialachán seo cur i bhfeidhm bearta réamhchúraim agus bearta rialaithe ar a laghad."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5, pointe (c):

"(c) creidiúnaítear an comhlacht rialaithe leis an leagan is déanaí de Chaighdeán Eorpach EN 45011 nó ISO Treoir 65 (Ceanglais ghinearálta

do chomhlachtaí a fheidhmíonn córais dheimhnithe táirgí), agus déanann na húdaráis inniúla é a fhormheas;"

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7, pointe (b):

"(b) an inniúlacht eisceachtaí a dheonú, dá dtagraítear in Airteagal 22, mura bhforáiltear dó sin sna coinníollacha sonracha a leagtar síos ag an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(2)(c)."***

(20) In Airteagal 28, scriostar mír 6.

(21) In Airteagal 29, scriostar mír 3.

(22) In Airteagal 30(2), scriostar an tríú fomhír.

(23) Leasaítear Airteagal 32(2) mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad dá fhomhír:

"Aithneoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun ***Airteagal 38b(f)***, i gcomhréir leis na critéir atá le glacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(1)(c)(v)***, na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe dá dtagraítear i mír 1(b) den Airteagal seo, lena n-áirítear na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 27, atá inniúil rialuithe a dhéanamh agus an fhaisnéis dhoiciméadach dá dtagraítear i mír 1(c) den Airteagal seo a eisiúint i dtríú tíortha.

Creidiúnófar na comhlachtaí rialaithe leis an leagan is déanaí de Chaighdeán Eorpach EN 45011 nó ISO Treoir 65 (Ceanglais ghinearálta do chomhlachtaí a fheidhmíonn córais dheimhnithe táirgí). Déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe meastóireacht rialta ar an láthair agus faireachas ar na comhlachtaí rialuithe agus déanfaidh sé athmheasúnú ilbhliantúil ar a ngníomhaíochtaí."

(b) Cuirtear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

"Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 38b(f), i gcomhréir leis na critéir atá le glacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 38a(1)(c)(v), aitheantas na n-údarás rialaithe agus na gcomhlachtaí rialaithe a tharraingt siar i gcásanna ina mbeidh neamhrialtachtaí ann maidir leis na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo nó i gcásanna ina sárófar na forálacha sin.

Más gá i gcásanna práinne, féadfaidh an Coimisiún an Cinneadh sin a dhéanamh ag gníomhú dó i gcomhréir leis an dara mír ***d'Airteagal 38g***. Sa chás sin, déanfar na bearta a ghlacfar a chur in iúl gan mhoill do na Ballstáit agus beidh feidhm acu láithreach."

(24) Leasaítear Airteagal 33 mar seo a leanas:

(a) Leasaítear mír 2 mar seo a leanas:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun ***Airteagal 38b(f)***, i gcomhréir leis na critéir atá le glacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(1)(c)(v)***, aitheantas a thabhairt do na tríú tíortha a bhfuil córas táirgeachta acu ina gcomhlíontar prionsabail agus rialacha táirgeachta atá coibhéiseach leis na cinn a leagtar síos i dTeideal II, i dTeideal III agus i dTeideal IV, agus a bhfuil éifeachtacht a gcuid bearta rialaithe coibhéiseach le héifeachtacht na mbeart rialaithe a leagtar síos i dTeideal V. Déanfar treoirlínte *Codex Alimentarius* CAC/GL 32 a chur san áireamh sa mheasúnú comhionannais.

(ii) Cuirtear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

"Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 38b(f), i gcomhréir leis na critéir atá le glacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 38a(1)(c)(v), an t-aitheantas ar thríú tíortha a tharraingt siar, ar tíortha iad nach gcomhlíontar a thuilleadh lena gcóras táirgeachta na prionsabail agus na rialacha táirgeachta atá coibhéiseach leis na cinn a leagtar síos i dTeideal II, i dTeideal III agus i dTeideal IV, agus nach bhfuil éifeachtacht a gcuid bearta rialaithe coibhéiseach a thuilleadh le héifeachtacht na mbeart a leagtar síos i dTeideal V.

Más gá i gcásanna práinne, féadfaidh an Coimisiún an Cinneadh sin a dhéanamh ag gníomhú dó i gcomhréir leis an dara mír ***d'Airteagal 38g***. Sa chás sin, déanfar na bearta a ghlacfar a chur in iúl gan mhoill do na Ballstáit agus beidh feidhm acu láithreach."

(b) Leasaítear mír 3 mar seo a leanas:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Táirgí nach n-allmhairítear faoi Airteagal 32 agus nach n-allmhairítear ó thríú tír a aithnítear faoi mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun ***Airteagal 38b(f)***, i gcomhréir leis na critéir atá le glacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun ***Airteagal 38a(1)(c)(v)***, na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialuithe a aithint, lena n-áirítear na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 27, atá inniúil chun rialaithe a dhéanamh agus chun teastais a eisiúint i dtríú tíortha chun críocha mhír 1 den Airteagal seo. Déanfar treoirlínte *Codex Alimentarius* CAC/GL 32 a chur san áireamh sa mheasúnú comhionannais.

(ii) Cuirtear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

"Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 38b(f), i gcomhréir leis na critéir atá le glacadh trí bhíthin

gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 38a(1)(c)(v), aitheantas na n-údarás rialaithe agus na gcomhlachtaí rialaithe a tharraingt siar i gcásanna ina mbeidh neamhrialtachtaí ann maidir leis na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo nó i gcásanna ina sárófar na forálacha sin.

Más gá i gcásanna práinne, féadfaidh an Coimisiún an Cinneadh sin a dhéanamh ag gníomhú dó i gcomhréir leis an dara mír ***d'Airteagal 38g***. Sa chás sin, cuirfear na bearta a ghlacfar in iúl gan mhoill do na Ballstáit agus beidh feidhm acu láithreach."

(25) Cuirtear isteach Airteagal 36a a leanas:

"Airteagal 36a

**Foilsiú agus fógra**

Déanfaidh an Coimisiún i gcomhréir leis na rialacha atá le glacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun ***Airteagal 38b(b)*** an fhaisnéis atá le haithint a bhunú, a fhoilsiú, a chur ar fáil nó a scaipeadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun ***Airteagal 38b(a)***, mar aon le liostaí na dtríú tíortha agus na n-údarás rialaithe agus na gcomhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 32 agus le hAirteagal 33."

(26) Scriostar Airteagal 37 agus Airteagal 38.

(27) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"Airteagal 38a

**Cumhachtaí tarmligthe**

1. Chun go mbeifear in ann ionchais na dtomhaltóirí maidir le cáilíocht na dtáirgí orgánacha a áireamh ar bhealach níos fearr agus chun a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis, na comhlachtaí agus na hoibreoirí lena mbaineann na rialacha i bhfeidhm go leordhóthanach, agus chun go bhfeidhmeoidh an margadh aonair agus an trádáil mar is cuí, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha, bearta agus coinníollacha sonracha a ghlacadh a bheidh riachtanach chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na sainmhínithe sonracha a bhaineann lena raon feidhme, faoi réir na gcuspóirí agus na bprionsabal a leagtar síos i dTeideal II, maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) na rialacha táirgeachta a leagtar síos i dTeideal III, go háirithe:

(i) na ceanglais, na coinníollacha agus na tréimhsí comhshó sonracha nach mór d'oibreoirí urramú;

(ii) údarú táirgí agus substaintí lena n-úsáid sa táirgeadh orgánach, iad a chur ar liosta srianta nó iad a bhaint den liosta sin chun críocha Airteagal 16 agus Airteagal 21;

(iii) na modhanna próiseála do bhia próiseáilte;

(iv) na coinníollacha a bhaineann le feidhmiú an toirmisc ar Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe agus ar tháirgí a dhéantar as Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe nó trí Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe a úsáid;

(v) an sainmhíniú ar na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 17(1)(c) go (f).

(b) na rialacha maidir le lipéadú, ceanglais agus critéir shonracha maidir le cur i láthair, comhdhéanamh, méid agus dearadh lógó orgánach an Aontais Eorpaigh mar aon leis na coinníollacha agus na cearta maidir lena úsáid, i gcomhréir le Teideal IV;

(c) na córais rialaithe a bunaíodh faoi Theideal V agus faoi Theideal VI, go háirithe:

(i) na ceanglais rialaithe, nósanna imeachta faireachais agus iniúchóireachta,

(ii) na critéir maidir le comhlachtaí rialaithe a fhormheas chun críocha Airteagal 27,

(iii) na critéir shonracha chun tascanna a tharmligean chuig na comhlachtaí rialaithe dá dtagraítear i bpointe (ii),

(iv) foirm na faisnéise doiciméadaí,

(v) na critéir atá le cur i bhfeidhm maidir le tríú tíortha a aithint chun críocha Airteagal 33(2) agus maidir le húdaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithint chun críocha Airteagal 32(2) agus Airteagal 33(3),

(vi) na critéir atá le cur i bhfeidhm maidir le formheas nó le haitheantas a tharraingt siar agus maidir le faisnéis dhoiciméadach, lena n-áirítear na cásanna ina bhféadfaidh an Coimisiún gníomhú mar ábhar práinne i gcomhréir leis an dara mír ***d'Airteagal 38g***.

(vii) na critéir atá le cur i bhfeidhm maidir le gnólacht a cuireadh faoi bhráid an chórais rialaithe a aithint agus a fhoilsiú.

(viii) na rialacha atá le cur i bhfeidhm maidir le táirgí ó thríú tíortha a chur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha;

(d) saorghluaiseacht táirgí orgánacha.

2. Chun forbairt theicniúil agus sainiúlachtaí na hearnála a chur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe agus faoi réir na gcuspóirí agus na bprionsabal a leagtar síos i dTeideal II, na rialacha riachtanacha a ghlacadh d'fheidhmiú an Rialacháin seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) teicnící sonracha a údarú, a theorannú, a shrianadh nó a thoirmeasc chun críocha Airteagal 12 go hAirteagal 16, Airteagal 18, Airteagal 19 agus

Airteagal 20 agus na coinníollacha agus na srianta maidir le substaintí agus le táirgí a úsáid agus a tharraingt siar, go háirithe an modh um chur i bhfeidhm, an dáileogacht, na teorainneacha ama maidir le húsáid agus an teagmháil le táirgí talmhaíochta;

(b) na rialacha táirgeachta sonracha maidir le giosta;

(c) eisceachtaí ó rialacha táirgeachta a dheonú agus coinníollacha sonracha maidir le feidhmiú na n-eisceachtaí sin chun críocha Airteagal 22;

(d) na bearta idirthréimhseacha chun an t-athrú ó na rialacha a bhunaítear le Rialachán (CCE) Uimh. 2092/91 chuig an Rialachán seo a éascú;

(e) liosta na dtéarmaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a oiriúnú.

3. Chun trédhearcacht a áirithiú trí mhalartú faisnéise a bheidh gasta, éifeachtúil, cruinn agus costéifeachtach, saineoidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe:

(a) nádúr agus cineál na faisnéise atá le fógrú;

(b) na modhanna ina dtabharfar fógra faoin bhfaisnéis;

(c) na rialacha a bhaineann leis na cearta rochtana chun na faisnéise nó chun na gcóras faisnéise a chuirfear ar fáil;

(d) an modh ina bhfoilseofar an fhaisnéis."

"Airteagal 38b

**Cumhachtaí cur chun feidhme**

Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na forálacha riachtanacha atá dírithe ar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach san Aontas, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) mionsonraí agus sonraíochtaí maidir le hábhar agus le foirm an fhógra agus leis an mbealach a dtabharfar an fógra agus a gcuirfear isteach é agus maidir leis an malartú faisnéise atá riachtanach faoi chreat an Rialacháin seo:

(i) ó na hoibreoirí, go háirithe maidir leis an bhfaisnéis a áirítear agus an fógra á chur isteach, agus a áirítear san fhógra féin, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) agus in Airteagal 29(1),

(ii) ó chomhlachtaí rialaithe, ó údaráis rialaithe, ó údaráis inniúla na mBallstát, ó thríú tíortha agus ón gCoimisiún, nó eatarthu sin, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 22, le hAirteagal 30 go 33, le hAirteagal 35 agus le hAirteagal 36;

(b) coinníollacha agus modhanna foilsithe nó rialacha agus coinníollacha sonracha chun go scaipfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(a) ar na hoibreoirí, ar na húdaráis inniúla, ar na húdaráis rialaithe agus ar na comhlachtaí rialaithe, ar na Ballstáit nó ar na tríú tíortha nó go cuirfidh sé

an fhaisnéis sin ar fáil dóibh, chomh maith le liostaí na dtríú tíortha nó na n-údarás rialaithe agus na gcomhlachtaí rialaithe a ainmnítear de bhun Airteagal 27 nó a aithnítear de bhun Airteagal 32 agus Airteagal 33;

(c) na modhanna agus na coinníollacha atá le cur san áireamh maidir leis an deimhniúchán leictreonach, go háirithe maidir leis na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 29 agus in Airteagal 33(1)(d);

(d) uimhreacha cóid a shannadh do chomhlachtaí rialaithe agus d'údaráis rialaithe agus an áit ina ndearnadh na hamhábhair thalmhaíochta a shaothrú á léiriú i gcomhréir le hAirteagal 24;

(e) na critéir shonracha maidir le cur i láthair, comhdhéanamh agus méid na dtásc dá dtagraítear in Airteagal 24(1)(a) agus (c);

(f) tríú tíortha agus údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithint agus a tharraingt siar chun críocha Airteagal 32(2) agus Airteagal 33(2) agus (3)."

"Airteagal 38c

**Cumhachtaí an Choimisiúin**

I gcás ina dtugtar cumhachtaí don Choimisiún, gníomhóidh sé i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in ***Airteagal 38d*** i gcás gníomhartha tarmligthe agus i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in ***Airteagal 38g*** i gcás gníomhartha cur chun feidhme, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt go sainráite sa Rialachán seo."

"Airteagal 38d

**Feidhmiú an tarmligin**

1. Déanfar na cumhachtaí chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa Rialachán seo a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse éiginnte ama.

2. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra faoi sin go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

3. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in ***Airteagal 38e agus 38f*** a thugtar na cumhachtaí don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

"Airteagal 38e

**An tarmligean a chúlghairm**

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal 38a agus 38d*** a chúlghairm.

2. Maidir leis an institiúid a mbeidh tús curtha aici le nós imeachta inmheánach d'fhonn a chinneadh an ndéanfar nó nach ndéanfar tarmligean na cumhachta a chúlghairm, féachfaidh sí chuige fógra ina leith sin a thabhairt don institiúid eile agus don Choimisiún laistigh de thréimhse réasúnach sula ndéanfar an

cinneadh deireanach, agus luafaidh sí na cumhachtaí tarmligthe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir cúlghairme agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an gcúlghairm sin.

3. Cuirfidh an cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na gcumhachtaí a shonraítear sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm láithreach nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do na gníomhartha tarmligthe a bheidh i bhfeidhm cheana. Déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*."

"Airteagal 38f

**Agóidí maidir le gníomhartha tarmligthe**

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe laistigh de thréimhse dhá mhí ón dáta a dtabharfar fógra. Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, déanfar fad míosa a chur leis an tréimhse sin.

2. Más rud é, ar dhul in éag don tréimhse sin, nach ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe, foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an dáta a shonrófar ann.

   Féadfar an gníomh tarmligthe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm sula rachaidh an tréimshe sin in éag, má tá Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach bhfuil rún acu agóid a dhéanamh.

3. Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid i gcoinne gnímh tharmligthe, ní thiocfaidh an gníomh sin i bhfeidhm. Tabharfaidh an institiúid a mbeidh agóid á déanamh aici na cúiseanna atá leis an agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe.

"Airteagal 38g

**Gníomhartha cur chun feidhme - An Coiste um tháirgeadh orgánach**

I gcás ina nglacfar gníomhartha cur chun feidhme de bhun an Rialacháin seo, cuideoidh an Coiste um tháirgeadh orgánach leis an gCoimisiún agus beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal [5] de Rialachán (AE) Uimh. [xxxx/yyyy] (l*e líonadh isteach tar éis ghlacadh an Rialacháin maidir leis na modhanna rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 291(2) CFAE, atá á phlé faoi láthair i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle*)."

Sna cásanna práinne dá bhforáiltear in ***Airteagal 32(2) agus in Airteagal 33(2) agus (3)***, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal [6] de Rialachán (AE) Uimh. [xxxx/yyyy]."

(28) Leasaítear Airteagal 41 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

**"Tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle"**

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Faoin 31 Nollaig 2011, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh […],

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS

| | | |
|---|---|---|
| **RÁITEAS AIRGEADAIS** | | Fin Stat /10/680779/rev1 MK/CC<br>6.0.2010.1<br>DÁTA: 19/11/2010 |
| 1. | CEANNTEIDEAL BUISÉID<br><br>Teideal 05: talmhaíocht agus forbairt tuaithe. | LEITHREASAÍ B2010:<br>CA: 58,080.7 M €<br>PA: 57,077.2 M € |
| 2. | TEIDEAL:<br>Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007. | |
| 3. | BUNÚS DLÍ:<br>Airt. 42 & Airt. 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh | |
| 4. | AIDHMEANNA:<br>Is é cuspóir an togra reatha cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin a chomhfhogasú i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le cumhachtaí tarmligthe nó cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin a tugadh isteach le hAirteagal 290 agus le hAirteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5. | IMPLEACHTAÍ AIRGEADAIS | TRÉIMHSE 12 MHÍ<br><br>(EUR) | AN BHLIAIN REATHA AIRGEADAIS 2010<br>(EUR) | AN BHLIAIN AIRGEADAIS INA DHIAIDH SIN 2011<br>(EUR) |
| 5.0 | CAITEACHAS<br>- GEARRTHA AR BHUISÉAD AN CE (AISÍOCAÍOCHTAÍ/IDIRGHABHÁLACHA)<br>- ÚDARÁIS NÁISIÚNTA<br>- EILE | - | - | - |
| 5.1 | IONCAM<br>- ACMHAINNÍ DÍLSE AN AE (TOBHAIGH/DLEACHTANNA CUSTAIM)<br>- NÁISIÚNTA | - | - | - |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2012 | 2013 | | |
| 5.0.1 | CAITEACHAS MEASTA | | | | |
| 5.1.1 | IONCAM MEASTA | | | | |

| | | |
|---|---|---|
| 5.2 | MODH DON RÍOMH: | |
| 6.0 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ Ó LEITHREASAÍ A CUIREADH ISTEACH SA CHAIBIDIL ÁBHARTHA DEN BHUISÉAD REATHA? | IS FÉIDIR<br>NÍ FÉIDIR |
| 6.1 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ LE TRASDUL IDIR CHAIBIDILÍ AN BHUISÉID REATHA? | IS FÉIDIR<br>NÍ FÉIDIR |
| 6.2 | AN mBEIDH GÁ LE BUISÉAD FORLÍONTACH? | BEIDH<br>NÍ BHEIDH |
| 6.3 | AN mBEIDH GÁ LEITHREASAÍ A CHUR ISTEACH I mBUISÉID AMACH ANSEO? | BEIDH<br>NÍ BHEIDH |

BARÚLACHA:
Níl tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar an mbuiséad.